

☘ An Lúibín ☘

28 Aibreán 2018

Ollscoil Ottawa – cúrsaí Ceilteacha

San Astráil níl ach ollscoil amháin a mhúineann teangacha Ceilteacha – Ollscoil Sydney. Ach níl a leithéidí de dhíth ar Mheiriceá Thuaidh, agus sampla iontach í Ollscoil Ottawa i gCeanada. Ollscoil dhátheangach í (i bhFraincis agus i mBéarla) agus cúrsaí ann ar theangacha agus ar chultúir na nÉireannach, na nAlbannach, na mBreatach agus na mBriotánach. I bhFraincis amháin atá an cúrsa deireanach.

I dteannta na dteangacha tá 'Introduction to the Celtic World' (cultúr agus stair na gCeilteach ón Iarannaois i leith), Ceol na bPobal Ceilteach, Sean-Litríocht Cheilteach, Litríocht Mheánaoiseach Cheilteach, Críostaíocht Cheilteach, An Bhean Cheilteach: idir an Finscéal agus an Réaltacht agus Artúr na gCeilteach. Tá cúrsa ar 'Celtic Cultures in Transition' (staidéar ar litríocht agus scannáin ó na tíortha Ceilteacha agus an rian atá fágtha orthu ag athruithe agus fadhbanna na n-áiteanna sin, agus aird ar leith ar phobail Cheilteacha Ceanada). Comh maith leis sin, tig leat staidéar a dhéanamh ar na topaicí seo: An Iarannaois Cheilteach, Na Teangacha Ceilteacha – conas atá siad á saothrú, agus Topaicí Speisialta sa Léann Ceilteach.



Cúige Ottawa agus an phríomhchathair (atá marcáilte le dearg)

Wikimedia Commons

Tá an méid sin go léir le moladh, cé go mb'fhéidir go bhféadfaí súil níos géire a thabhairt ar chiall an fhocail 'Ceilteach'. Sa 19ú haois a cumadh an 'Ceilteachas' agus ceangal déanta dá bharr idir pobail a bhí an-difriúil ar shlíthe áirithe. Chomh maith leis sin, tá roinnt scoláirí san amhras an cóir cultúr Hallstat, mar shampla, a nascadh leis na Celtigh stairiúla agus an fhianaise ghéiniteach curtha san áireamh.

Mar sin féin, an té a mheasann gur ceart do na hollscoileanna dul i gceann shaothrú na Gaeilge agus na dteangacha atá gaolmhar léi cuirfidh a bhfuil ar siúl in Ollscoil Ottawa áthas air. Orthu siúd atá ag cur na Gaeilge chun cinn in Ollscoil Ottawa tá an tOllamh Sheila Scott ón Official Languages and Bilingualism Institute.¹ Tá sí ar bhunaitheoirí Ghaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh in Ontario, áit a cuireadh ar bun mar ionad cultúrtha do Ghaeilgeoirí. B'as Éirinn dá thuismitheoirí agus Gaeilge éigin acu beirt. Chuir an teanga draíocht uirthi agus rinne sí PhD i gcomhréir agus moirfeolaíocht na Gaeilge. Creideann sí gur ceart tairbhe a bhaint as rince agus

¹ <http://thefulcrum.ca/arts/u-o-prof-growing-irish-language-ottawa/>

ceol chun an teanga a chur chun cinn, agus tá sé tugtha faoi deara aici gur iomaí cúlra atá ag na mic léinn – cuid acu de shliocht Síneach nó Vítneamach nó eile, agus suim acu sa teangeolaíocht nó in éabhlóid stairiúil chultúir. Ba mhaith léi béim a chur ar an teanga i ngach ollscoil Cheanadach a bhfuil léann Ceilteach á mhúineadh ann.



Tabaret Hall (mar a bhfuil oifigí riaracháin Ollscoil Ottawa)
Wikimedia Commons

Tá buntáistí éigin ag Ceanada sna gnóthaí seo ó thaobh na staire de. Labhraítí Gaeilge in New Brunswick agus i dTalamh an Éisc; tá roinnt bheag seandaoine fós in Albain Nua a bhfuil Gàidhlig ó dhúchas acu. Agus ní thógann sé ach seacht n-uair an chloig eitilt ó Vancouver go dtí Baile Átha Cliath, más mian leat cuairt a thabhairt ar thobar na teanga. Buntáistí iad nach bhfuil ag an Astráil. Ní mór a fhiafraí, mar sin féin, cén fáth nach bhfuil an Ghaeilge le fáil mar ábhar in aon ollscoil eile seachas Sydney.



An Ghaeilge agus na turasóirí

Ní fada ó chuir an *Irish Independent* in iúl cé chomh mór is atá an Ghaeilge ceilte ar thurasóirí – cé nach nuacht an méid sin.² Lánúin as Corcaigh atá i gceist agus thug siad cuairt ar Dhaingean Uí Chúis in Iarthar Chiarraí. Bhí súil acu go cloisfidís Gaeilge (nó Gaoluinn) á labhairt ar fud an bhaile – nach cuid den Ghaeltacht é an Daingean? Bhí díomá orthu nuair a fuair siad amach nach raibh focal Gaeilge ag foireann an óstáin. Ba é an scéal céanna acu é sna siopaí – ‘nobody we met seemed embarrassed or apologetic, despite the town being festooned with business and street names, as well as directional signs in Irish’. Bail ó Dhia orthu, na créatúir.



Sráid na Trá sa Daingean
Wikimedia Commons

Dúirt pleanálaí teanga an Daingin go raibh a lán Gaeilgeoirí le fáil ann, rud nach féidir a shéanadh. D’admhaigh sí, áfach, nach mór an fonn a bhí ar mhuintir an Daingin Gaeilge a labhairt i gcúrsaí turasoíreachta. Béarla ar fad,

² <https://www.independent.ie/irish-news/nobody-speaks-irish-there-nobody-seems-embarrassed-about-it-tourists-slam-gaeltacht-status-of-town-36753669.html>

déanta na fírinne, rud a fhágann gur gá iad a ghríosú chun teanga na nGael a tharraingt chucu os comhair an tsaoil. Dhéanfadh plean teanga an chúis (b'fhéidir) ach é a chur le chéile. Dá nglacfaí leis, áfach, ní rachadh sé i bhfeidhm go ceann seacht mbliana eile. Mar sin féin, a dúirt sí, b'éigean do mhuintir an Daingin a thuiscint gurb í an Ghaeilge is mó a mheallfadh turasoírí chucu seachas chun bailte turasoireachta eile. Tá blas an dóchais ar an tuairim sin.



Straitéis neamhstraitéiseach

Caithfimis súil ar phríomhchuspóirí Straitéis 20 Bliain na Gaeilge, scéim a scaoileadh chun muintir na hÉireann roinnt blianta ó shin agus cuspóirí iontacha ag gabháil léi: an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh de na scoileanna a mhéadú ó 83,000 to 250,000; méadú 25% a dhéanamh ar líon na gcainteoirí dúchais; méadú a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhaineann feidhm as seirbhísí stáit agus meáin chumarsáide trí Ghaeilge.

Is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlach sa Ghaeltacht.³

Tá dímholadh agus damnú faighte ag an Straitéis ó shin. Tá fás éigin ag teacht ar líon na gcainteoirí laethúla sna cathracha, ach ní ar an rialtas atá a bhuíochas sin. Tá an Ghaeltacht ag dul i laige i gcónaí agus tá an céatadán de chainteoirí líofa sa státseirbhís i bhfad níos lú ná an céatadán céanna sa phobal. Maíonn an saineolaí pleanála teanga Seosamh Mac Donnacha gur beag rud a rinneadh chun na cuspóirí a bhaint amach. Níor tháinig grúpa idir-rannach a bhí chun an Straitéis a chur i bhfeidhm le chéile ó Mhí Eanáir 2016. Níor cuireadh aonad ar bun sa Roinn Gaeltachta chun a bheith i bhfeidhil na Straitéise agus níl trácht ar Údarás Teanga chun an teanga a chur chun cinn ar fud na tíre.

Deir na fíréin (arís) go léiríonn an méid sin nach toil leis an Stát rud fóna a dhéanamh tar éis na cainte. Gan dabht. Ach tá léiriú ann freisin ar an mbaois a bhain leis na haidhmeanna ó thús. Ba chóir glacadh le cuspóirí anteoranta ab fhusa a bhaint amach agus an saol mar atá.

Cuimhnimis freisin gur chun sochair don Ghaeilge ar fud an domhain a théann aon rud a théann chun sochair don Ghaeilge in Éirinn. Breis cainteoirí, breis acmhainní. Ach cuimhnimis freisin nach ar Éirinn amháin atá rath na teanga ag brath in áiteanna eile. Díograis áitiúil an díograis is fóna.



Teagasc na Gaeilge

Chuaigh an tOllamh Pádraig Ó Duibhir ó Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun cainte le daltaí gaelscoile agus chruinnigh a lán ábhair. Rinne sé amach go raibh ráta earráide 30% i gcaint na ndaltaí maidir le húsáid na copail, na mbriathra agus an ainm an ainm briathartha srl. Ráta measartha ard é, ach de réir an taighde a rinne sé ar theagasc mionteangacha eile dúirt sé nach raibh na gaelscoileanna ró-dhona. Rinne sé staidéar freisin ar dhaltaí ar chainteoirí maithe dúchais iad agus fuair sé amach nach raibh ach ráta earráide 2.5% i gceist acusan.

Aithníonn sé gur mór an difríocht í, ach deir sé (mar atá ráite ag daoine eile) gurb é an fhadhb is mó gur beag deis atá ag Gaeilgeoirí óga an teanga a úsáid taobh amuigh de na scoileanna. Agus is fíor-annamh a bhuaileann siad le cainteoirí dúchais.

³ <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>

Deirtear gurb í seo Bliain na Gaeilge (rud a chuirfeadh iontas ar ghnáthmhúintir na hÉireann), ach ní dócha go n-osclofar aon ghaelscoil nua i mbliana. Tá sé ag dul rite ag scoileanna ar fud na tíre, idir scoileanna lán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge, iarrthóirí cáilithe a fháil chun cur isteach ar fholúntais do mhúinteoirí Gaeilge. Dá bhrí sin, tá scoileanna ag brath ar mhúinteoirí neamhcháilithe (suas le 20% den iomlán) nó ar mhic léinn. Tá ganntanas múinteoirí ag cur isteach ar ábhair eile – Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, fisic, ceimic, matamaitic – ach is í an Ghaeilge is measa a buaileadh.

Tá laghdú 60% ar líon na ndaoine atá ag clárú le cúrsaí oiliúna múinteoireachta le cúig bliana anuas. Tá an rialtas tar éis níos mó múinteoirí a sholáthar i gcoitinne, ach ní féidir a rá go méadófar líon na múinteoirí Gaeilge dá bharr.



Foilsíodh an píosa seo den chéad uair in An Lúibín ar 10 Bealtaine 2011. Fágadh roinnt tagairtí mar a bhí siad.

An scríbhneoir Gaeilge (nó seanscéal athphléite)

Ba í an tréimhse ba threise ag litríocht na Gaeilge lenár linn na blianta 1920 – 1970. Ní hé gur caitheadh an gnó i dtraipisí ina dhiaidh sin, mar tá daoine ag scríobhláil leo i gcónaí. Tá borradh tagtha faoin bhfoilsitheoireacht agus méadú tagtha ar an méid leabhar don aos óg. Ní mór é líon na léitheoirí ach tá níos mó acu ann ná mar a bhí le fada an lá. Tá cúpla scríbhneoir an-suimiúil ann (Alan Titley, mar shampla), ach is léir gurb í seo ré na measarthachta agus na mioneachtraí. Ní hé nach bhfuil iarrachtaí á dtabhairt ar ealaín na scríbhneoireachta a choinneáil ar deil. An cheardlann scríbhneoireachta agus léirmheastóireachta, mar shampla, a bhí á réachtáil i mBaile Átha Cliath ag LeabhairCOMHAR níos luaithe sa mhí seo, nó an seimineár eagarthóireachta a bheidh ar siúl ag IMRAM Dé Sathairn 28 Bealtaine. Is cosúil go bhfuil ócáidí den saghas sin áisiúil ar a slí féin, agus níl uainn anois ach seift chun breis léitheoirí a sholáthar.

Tá gá i gcónaí le leabhair sholáite éadroma - leabhair den saghas a thagann (i measc rudaí eile) ó láimh Éilís Ní Dhuibhne (*Dúnmharú sa Daingean*) agus Anna Heussaff (*Buille Marfach*). Ach tá gá freisin le rud nach dtagann an bealach chomh minic sin – litríocht den chéad scoth. Ní féidir í a fháil ar ordú, ach ise atá in easnamh orainn. Is baolach i gcónaí go dtabharfaí rómholadh do shaothair Ghaeilge, rud is léir agus na léirmheasanna léite agat – ba dhóigh leat uaireanta go bhfuil ré órga eile tagtha anuas sa mhullach orainn. Déanann na foilsitheoirí scagadh agus déanann an t-am scagadh eile, ach bíonn cathú ar na léirmheastóirí olann a bhaint den ghabhar cheal caorach. Cinnte, tugtar a cheart don saothar fiúntach, ach thairis sin ní mór an áibhéil a sheachaint. Níl gach file ar fheabhas, níl gach gearrscéalai go hiontach.

Déarfá, b'fhéidir, gur mór an rud é coinne a bheith agat le sárlitríocht ó phobal chomh beag sin. Bheadh an ceart agat. Tháinig rudaí iontacha chugainn ó pheann an Chadhnaigh, an Ríordánaigh, Mháire Mhac an tSaoi agus eile san aois seo caite, ach bhí neart agus tathag éigin sa Ghaeltacht fós an uair sin agus a rian sin fiú ar scríbhneoirí nach raibh an teanga acu ó dhúchas. Tá ré eile tagtha, ré an uirbeachais, agus an teanga á cur féin in oiriúint di. Ní gá a thuilleadh a rá anseo faoi 'thanú' na teanga ina háitreabh nua. Pé tanú atá ann anois, tiocfaidh bláthú de réir a chéile. Idir an dá linn, is díol mór spéise é fás agus athrú na Gaeilge sa saol fobhailteach, agus an toradh a d'fhéadfadh teacht ar an scéal i gcúrsaí litríochta.

Tá baint ag na hirísí liteartha (*Feasta, Comhar* agus *An Gael*) le cás na teanga. Tá *Feasta* agus *Comhar* ann ó na daichidí i leith, cuid de na scríbhneoirí is fearr foilsithe acu, agus gan an oiread sin léitheoirí acu anois, más fíor. Oighre ar iris a tháinig amach ar dtús sna 1880í is ea *An Gael*, agus é á fhoilsiú anois in aghaidh na ráithe. An iomarca irisí, b'fhéidir, más fíor nach bhfuil ann ach timpeall 200,000 cainteoirí líofa Gaeilge. Mar sin féin, an té is mian leis dán nó gearrscéal nó alt a chur os comhair an domhain i nGaeilge, ní dóichí rud ná go mbainfidh sé úsáid as ceann de na hirísí sin, mura rogha leis an Idirlíon mar mhodh foilsithe. Agus ligeann an modh sin duit líon na léitheoirí a mheas go cruinn, más maith olc é. Is dócha, i ndáiríre, gur i mBéarla a dhéanann Gaeilgeoirí an chuid is mó dá léitheoireacht. An oiread sin scríbhneoirí Gaeilge ann agus gan dlúthphobal teanga ar fáil acu – ait an scéal. Agus, ar ndóigh, pobal na Gaeilge ina mionlach ina dtír féin.

Déanaimis comparáid le cuid de na comharsana. Níl ina gcónaí san Eastóin ach timpeall 1,340,000 duine agus cuid mhaith acu ina Rúisigh; níl san Íoslainn ach timpeall 318,400 duine. Ach tá litríocht bhríomhar chomhaimseartha le fáil sa dá theanga agus daoine ann a bhfuil dúil acu inti. Is é an difríocht atá ann go bhfuil na

teangacha sin i réim i gcónaí mar ghlór nádúrtha na ndaoine, rud nach fíor i gcás na Gaeilge. Is suarach an cúiteamh an chabaireacht Ghaelach faoi 'fhéiniúlacht'. Cead cainte ag fear cailte an chluiche. Ní shéanfaí nach bhfuil cultúr liteartha le fáil i nGaeilge an lae inniu – ceardlanna, filíocht á léamh, leabhair á láinseáil, leabhair á bplé. Ach i saol an Bhéarla níl meas ar an gcultúr sin ach mar chluiche tánaisteach – is beag aird a thugann léirmheastóirí Béarla ar shaothair Ghaeilge. Na púcaí ag caint lena chéile.

Tá cúpla duine ag scríobh i nGaeilge anois i dtíortha eile, agus leabhair féin foilsithe acu. Iad ag cur le litríocht na Gaeilge seachas le litríocht na hÉireann. Dá luaithe a thagann a thuilleadh acu ar an bhfód is ea is fearr, ach más mian leo leabhar nó alt a fhoilsiú is gnách lena bhformhór dul ag triall ar Éirinn. Is é *An Gael* an t-aon fhoilseachán Gaeilge a thagann amach thar lear. Scríbhneoirí gan phobal iad, cé go bhfuil scata Gaeilgeoirí le fáil sna críocha úd agus a líon ag fás. Uirlis nua atá á déanamh den teanga, agus í an-difriúil le Gaeilge na seanfhundúirí. (Beidh a nglórtha siúd taifeadta agus scoláirí óga ag éisteacht leo le meas, mire agus míthuiscint.) An Ghaeilge a bheidh againn beidh sí Béarlaithe agus simplithe, ach déanfaidh sí cúis. Idir an dá linn leanfaidh lucht scríbhneoireachta orthu ag tabhairt faoin rud is deacra – focail a mhairfidh.



Foilsíodh an píosa seo den chéad uair in An Lúibín ar 30 Aibreán 2011.

Saighdiúirí (tuairim phearsanta)

Gach bliain san Astráil (i Mí Aibreáin) déantar Lá ANZAC (Australian and New Zealand Army Corps) a cheiliúradh in ómós na ndaoine a rinne seirbhís chogaidh ar son na tíre. Sibhialtaigh a dhéanann an chuid is mó den chaint agus den mholadh agus den ghol; ní bhíonn an oiread sin le rá ag na daoine a ghabh tríd. Tagann na leabhair amach, bíonn slám cláir theilifíse le feiceáil, baineann drong Astrálach Gallipoli amach agus déantar féile gháifeach den ócáid.

Is beag duine de na sibhialtaigh úd a dhéanann fformhachnamh ar an scéal, agus idir an dá linn déantar liodán míleata de stair na tíre. Ar éigean a bheadh insint béil ar a bhfaca saighdiúirí agus banaltraí na tíre sa dá chogadh dhomhanda, sa Chóiré agus i Vítneam; théadh na seansaighdiúirí ar an drabhlás ar an lá mór, ní á mhaíomh orthu é, agus is mó d'ionracas a bhí ag baint leis sin ná le leath na healáine a bhíonn ar siúl anois. Níl aon cheiliúradh is fearr ná an meabhrú ceart, ach is fearr le daoine an maoithneachas ná an fhirinne.

Léiríú ar éasc i gcultúr na tíre é a bheith i dtaobh chomh mor sin le finscéalta cogáochta chun fiúntas agus féiniúlacht an náisiún a dhearbhu. Bíodh meas againn ar na mná agus ar na fir a chonaic an t-uafás sna cogá, ach b'fhearr gan a scéal siúd a úsáid mar leithscéal chun daoine eile a chur ag óráidíocht ar scáth grá tíre. Is é an t-ómós is fearr binneas an bhuabhaill agus tamall de thost ina dhiaidh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.